

Gearrdhrámaí an Chéid



Pádraig Ó Siadhail
a chuir in eagar

Gearrdhrámaí an Chéid

Gearrdhrámaí an Chéid

Pádraig Ó Siadhail
a chuir in eagar



Cló Iar-Chonnachta
Indreabhán
Conamara

An Chéad Chló 2000
An Dara Cló 2008

© Na hÚdair/Cló Iar-Chonnachta Teo. 2000

ISBN 978-1-905560-35-6

Sa tsraith chéanna

Duanaire an Chéid ISBN 1 902420 75 5 (bog)

Gearrscéalta an Chéid ISBN 1 902420 40 3 (bog)

Rogha an Chéid (sraith iomlán) ISBN 1 902420 34 9

Ealaín an chlúdaigh: Tim Stampton

Dearadh clúdaigh: Hayes Design

Dearadh: Deirdre Ní Thuathail



Tá Cló Iar-Chonnachta buíoch de Bhord na Leabhar
Gaeilge (Foras na Gaeilge) as tacaíocht
airgeadais a chur ar fáil.



Faigheann Cló Iar-Chonnachta cabhair airgid
ón gComhairle Ealaíon

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon bhealach ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur: Cló Iar-Chonnachta, Indreabhán, Conamara

Fón: 091-593307 **Facs:** 091-593362 **r-phost:** cic@iol.ie

Priontáil: Clódóirí Lurgan, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

Fón: 091-593251

Clár

An Phrológ

An Fhoireann

Dubhghlas de hÍde

Casadh an tSúgáin

Pádraic Ó Conaire

Bairbre Rua

Tomás Mac Domhnaill

Áine agus Caoimhín

Séamus de Bhilmot

An Casán

Máiréad Ní Ghráda

Lá Buí Bealtaine

Eoghan Ó Tuairisc

Na Mairnéalaigh

Seán Ó Tuama

Moloney

Caitlín Maude agus Mícheál Ó hAirtnéide

An Lasair Choille

Seán Ó Coisdealbha

Mar a Chéile Muid

Antoine Ó Flatharta

Grásta i Meiriceá

Cathal Ó Searcaigh

Oíche Ghealaí i nGaililí

Biddy Jenkinson

Mise, Subhó agus Maccó

An Phrológ

Is den fhichiú haois téatar na Gaeilge, idir scríobh drámaí is stáitsiú amharclainne. Is síol é cuireadh i gclochóg gharbh na hathnuachana cultúrtha ag deireadh an naoú haois déag agus d'fhabhraigh faoin Stát nua a dháil leasú an airgid air. Murar fhás is murar fhorbair an planda tláith go barr a mhaitheasa fós, is beag séasúr ó shin nár tuaradh nárbh fhada uainn bláthú an tsamhraidh baint an fhómhair.

Agus téatar na Gaeilge ag tarraingt ar chéad bliain d'aois, is tráthúil é an chéad mhórchnuasach drámaí Gaeilge seo ar léiriú é ar fhorbairt, ar shaibhreas is ar ilghnéitheacht dhrámaí na Gaeilge sa fhichiú haois. Is díol suime é gur chleacht an chuid ba mhó de scríbhneoirí aithnidiúla na Gaeilge a drámaíocht. Tosaímid le *Casadh an tSúgáin*, mórdhráma thús an chéid, le Dubhghlas de hÍde uachtarán ar Chonradh na Gaeilge. Críochnaímid le *Mise, Subhó agus Maccó*, duaisdhráma gairid Oireachtas 1999, leis an fhile iomráiteach, Bidy Jenkinson.

Is iomaí cúis atá i gceist le roghnú na ndrámaí sa mhórchnuasach seo. Cinneadh d'aonghnó cloí gearrdhrámaí instáitsithe amháin cheal spáis. Mar sin, níor cuireadh drámaí fada san áireamh, saothar fiúntach le Piaras Béaslaí, le Mícheál Mac Liammóir, le Labhrás Mac Brádaigh, le Diarmaid Ó Súilleabháin, le Séamus Ó Néill, le Breandán Ó Beacháin, le Siobhán Ní Shúilleabháin nó Críostóir Ó Floinn orthu. Is mó cineál drámaíochta eile, ar sainghnéithe bailí de chuid ealaín na drámaíochta iad, nach gclúdaítear sa chnuasach seo: drámaí do pháistí agus drámaí raidió, gan trácht ar cheoldrámaí, ar rocdhrámaí is ar ilsiamsaí stáitse.

Ó thaobh stair dhrámaíocht na Gaeilge de, féachtar sa chnuasach seo le cothromaíocht chuí thabhairt do gach ré: an Chéad Athbheochan faoi mhórchoimirce Chonradh na Gaeilge; an Dara hAthbheochan nuair a tháinig glúin nua scríbhneoirí in inmhe; is – má tá sé róluath le tairngreach gurb ionann an mhílaois úr is an Tríú hAthbheochan – drámaí le scríbhneoirí comhaimseartha.

Laistigh de na teorainneacha thuas, déantar iarracht na drámaí is spéisiúla agus is dúshlánaí thiomnú le chéile anseo. Ach, i ndeireadh na dála, roghnú samplach suibiachtúil is ea é seo de shaothar chéad bliain d'ealaín na drámaíochta.

* * *

Faightear meascán de dhrámaí a foilsíodh cheana is de scrípteanna stáitse nár cuireadh i gcloí roimhe seo taobh istigh de chlúdaigh an leabhair seo. Tá againn ann drámaí tuaithe, drámaí stair, drámaí teaghlaigh agus drámaí grá. Tá méaldrámaí, traigéidí is coiméidí ann. Tógtar muid ó Éirinn breis is trí chéad bliain ó shin go Meiriceá na 1980í, ó Ghaililí dhá mhíle bliain ó shin go Duibhlinn inné. Agus tá cur chuige na ndrámadóirí chomh héagsúil leis na suíomhanna: ó bhréagshimplíocht ealaíonta de hÍde go staidéar síceolaíoch sofaisticiúil Sheáin Uí Thuama, ó réalachas lom Chaitlín Maude is Mhíchíl Uí Airnéide agus Antoine Uí Fhlatharta go héalúchas is ealachas íogair Bidy Jenkinson. Agus a bhfuil d'fhilí táscmhara i measc na n-údar sa chnuasach, luíonn sé le réasún gurb mbeadh véarsdrámaí againn fosta, mar atá, drámaí le hEoghan Ó Tuairisc agus le Cathal Ó Searcaigh.

In ainneoin na n-éagsúlachtaí tríd síos, ní cúis iontais é gur féidir linn drámaí áirithe a cheangal le chéile ó thaobh téamaí de.

Is éard atá in *Casadh an tSúgáin*, *Bairbre Rua*, agus *Áine agus Caoimhín* trí phlé ar cheist a chleamhnais, ceann de phríomhábhair dhrámaíocht na tuaithe ag tús na haoise seo. Drámaí simp

neamhshofaisticiúla iad ó thaobh stíle is ionramhála de ach is cuid suntais iad triúr.

Tá áit ar leith ag *Casadh an tSúgáin* i stair dhrámaíocht na hÉireann san fhichiú haois. Admhaítear go forleathan inniu an chomaoin mhór mharthanach a chuir dráma beag de hÍde ar fhás dhrámaíocht na tuaithe in Éirinn, is ar shaothar W. B. Yeats, na Bantiarna Gregory is J. M. Synge in Amharclann na Mainistreach, go háirithe. Céad bliain nach mór tar éis a chéad stáitsithe, tá an dráma gleoite sa chomh taitneamhach friseáilte le haoibh ghéara bunóice.

Slisín tanaí de chlár saothair scóipiúil iomlán Uí Chonaire is ea a chuid drámaí. Is méaldráma *Bairbre Rua* ina mbailíonn an bhean óg léi in éineacht leis an bhuachaill aimsire in ionad baintreacha fir mheánaicmeach a phósadh. Más é sin an téama céanna a chlúdaíonn Máirtín Ó Cadhain in a ghhearrscéal, ‘An Bhearna Mhíl’ in *An Braon Broghach*, is cuma le hÓ Conaire faoi aon chomhthionchar fuinniúil fuinte. Ní dó siúd ach don drámadóir a ghéilleann pearsana Uí Chonaire. Is é sin an laig lárnach agus agus an bua mór a bhaineann le dráma Uí Chonaire.

Is doiligh anois breathnú ar *Áine agus Caoimhín* gan díriú ar an mhaoithneachas oscailte atá ann níos gan smaoineamh ar an chiorrú coil féin. Ach ceithre bliana sular scríobhadh é, bhí an Piarasach ndiaidh dúshlán a chur faoi scríbhneoirí na Gaeilge trína fhiafraí díobh cén uair a léiríodh an pósadh gan ghrá i nualitríocht na Gaeilge. Faoin am a raibh Tomás Mac Domhnaill ag cur síos ar an teaghlach neamhfheidhmiúil ina dhráma, ní raibh Ó Conaire féin ach ag tosú ar an ghairm scoile a fhreagairt.

Ba go mall a bhris drámadóirí na Gaeilge saor ó laincisí dhrámaíocht na tuaithe. Is den mhúnla *An Casán*. Ach faoi dhromchla an mhéaldráma, is fáthdráma réasúnta sofaisticiúil é fosta. De réir a dara léamh seo air, níl i leannán smaointe an tseanfhir ach an chaint ar phrionsabail aimsir a Chonartha Angla-Éireannaigh 1921-1922, seasann an cosán don Chríochdheighilt, agus an t-aighneacht don Chogadh Cathartha féin. Má bhánn an méaldráma tútach an traigéide ann, thuar an dráma seo agus saothar de Bhilmot i gcoitinne – ré nua do dhrámaíocht na Gaeilge ina raibh plé ar ábhar chonspóideacha chomhaimseartha.

Is é *An Triail* le Máiréad Ní Ghráda, an chéad mhódrámadóir mná Gaeilge, an dráma is éifeachtach ina nasctar ceist chomhaimseartha le healáin chúí stáitse. Sampla breá is ea *Lá Buí Bealtaine* chnuasach seo den phósadh rathúil séanmhar idir mianach scéalaíochta Ní Ghráda is cumas léirithe Thomáis Mhic Anna. Taispeántar go soiléir ann a ghrinne is a bhí an tsúil ag Ní Ghráda maidir le léiriú na carachtrachta agus a thoilteanaí is a bhí sí diúltú don chríoch shona neamhchaithe Réamhbhlaiseadh de fhrithróimánsaíocht *An Triail* atá in *Lá Buí Bealtaine*.

Ba bhunfhoinse inspioráide stair na hÉireann ag drámadóirí Gaeilge ón tús. Ba mhinic a dhrámaíocht is an daonnacht araon báite ag an bholscaireacht náisiúnaíoch sna drámaí luatha. Ach *Na Mairnéalaigh* le hEoghan Ó Tuairisc is in *Moloney* le Seán Ó Tuama, is go sciliúil ealaíonta láimhsíonn an bheirt dhrámadóirí fhíoroilte seo an traigéide phearsanta iontu. Trí dhíriú ar mhionscéil Éireannach bocht gan ainm aimsir an Ghorta Mhóir, is amhlaidh is glinne a léirítear mórthraigéide a náisiúin in *Na Mairnéalaigh*. Ní lúide eilimintí na traigéide in *Moloney*, má chuirtear an bhéim iomlán ar aincheist mhorálta an duine aonair. Sa dá chás, oireann an cur chuige don ábhar is éiríonn leis na drámadóirí an t-ábhar sin a ionramháil go críochnúil máistriúil. Drámaí breátha tábhachtacha is ea *Na Mairnéalaigh* is *Moloney* is gá a áireamh i measc sheoda móra litríocht na Gaeilge san fhichiú haois.

Dhá phlé dhifriúla ar théama amháin atá le fáil in *Mar a Chéile Muid* agus in *An Lasair Choille*. Mar a bheadh súil againn leis ó ghabha focal, tá an choiméide le Seán Ó Coisdealbhálán leis a deisbhéalaí is leis an deismireacht chainte agus leis an ghaois ghrinn sin nach rachaidh as faiseal choíche in ainneoin athruithe an tsaoil mhóir. ‘Mar a chéile muid. Beirt chláiríneach. Easpa géara ormsa agus easpa meabhrach ortsa,’ a deir Micil le Séamas in *An Lasair Choille*. Is fada ón choiméide muid sa dráma duairc seo ina ndírítear an spotsolas ar fhear cailte an chluiche i ndráma na beathach. Léargas cumhachtach atá le fáil ann ar chinniúint an té atá faoi bhois an chait ag duine eile. Is é an aon léará dóchais atá ann go bhfágtar a bhfuil i ndán don phríomhphearsa oscailte ag an deireadh.

Tá stair théatar na Gaeilge gan chríoch, ar ndóigh. Ceadaíonn na drámaí deireanacha – *Grásta Meiriceá*, *Oíche Ghealaí i nGaililí* agus *Mise, Subhó agus Maccó* – ceadaíonn siad dúinn staid agus mianach na drámaíochta comhaimseartha a mheas. Trí shaothar iad ina gcumasctar an sean agus an nua le chéile. Trí shaothar iad le drámadóirí a bhfuil muinín acu as a gcumas scríbhneoireachta is chleachtann a gceird go héifeachtach snasta.

Is de Ghéanna Fiáine na nOchtóidí sula raibh ann do mhíorúiltí an Tíogair Cheiltigh na príomhphearsana in *Grásta i Meiriceá*. Agus máistreacht ag Antoine Ó Flatharta ar theicníc stáitse tuigeann sé i gcónaí cad ba chóir dó a fhágáil ar lár – tugtar muid ar thuras ina gceistítear bunshochaí an phopchultúir gona luachanna sochaite gona mhíorúiltí tacair. Meiriceá na nOchtóidí ann ach ní deacair teacht ar lear cosúlachtaí le hÉirinn agus í ar thairseach na mílaoise.

I n*Oíche Ghealaí i nGaililí*, fillimid ar théama an teaghlaigh neamhfheidhmiúil. Is iompar scríbhneoir a chuir roimhe eachtra an teaghlaigh mhícháiliúil áirithe seo ón Bhíobla a reic, agus Oscar Wilde agus Pádraic Ó Conaire orthu sin. Tá ionramháil Uí Shearcaigh mar aon leis an atmaisféar in dhráma níos gaire do shaothar stáitse Wilde, *Salomé*, ná do ghearrscéal an Chonairigh, ‘Teatrac nGaililí’, ach fágann Ó Searcaigh lorg a láimhe ar an scéal. Ní hé amháin go sánn sé casadh brú drámata isteach sa phlota – ní huafás macnasach go Salomé sa radharc deireanach – ach go dtéar aige cumann an triantáin shuthain a chur os ár gcomhair i bhfriotal atá fileata fuinniúil agus – slán a tsamhail! – atá chomh fóiseach leis na cruimheanna a chreimeann colainn Héaróid de réir chuntas an Bhíobla.

In *Mise, Subhó agus Maccó*, feicimid Bidy Jenkinson ag tarraingt ar an tseanscéalaíocht fosta. Míbhaineann sí earraíocht ealaíonta is sult intleachtúil as miotaseolaíocht na hÉireann gona déithe gona draíocht, is í daonnacht leochaileach na bpearsan is mó a théann i gcion orainn. Murach dráma go coimhlint de réir an tseanrá, ní fíordhráma go cíoradh ar chastaí is ar chontrárthachtaí an duine féin.

Céad bliain ó shin, chuir ceannródaithe sa ghluaiseacht chultúrtha rompu drámaíocht na Gaeilge chruthú as an nua. Tá téatar na Gaeilge thuas seal, thíos seal ó shin i leith, de réir mar a féachadh mar a fhéachtar leis an fhoirmle dhraíochta cheart – amharclanna buana agus aisteoirí proifisiúnta drámadóirí dícheallacha agus lucht féachana dílis – a aimsiú. Teistiméireacht bheacht dhearfach is eile an cnuasach gearrdhrámaí seo nár chlis an misneach nó an dásacht féin ar na drámadóirí riamh.

Pádraig Ó Siadha
Samhain 2000

An Fhoireann

Dubhghlas de hÍde (1860-1949)

‘An Craoibhín Aoibhinn.’ Duine de mhórphearsana na hÉireann le corradh is céad bliain anuas. An chéad Uachtarán ar Chonradh na Gaeilge; an chéad Uachtarán ar Éirinn. Le cuidiú is le spreagadh W. B. Yeats is na Bantiarna Gregory, agus mar chuid dá fheachtas bolscaireachta chun gluaiseacht na teanga a chur chun cinn, rinne de hÍde deich ngeardhráma Gaeilge a scríobh nó a aistriú idir 1900 agus 1904. Coiméidí nó drámaí creidimh is míorúilte is ea a bhformhór. Tá an drámatúlacht, a teicníc stáitse, is an tsimplíocht ealaíonta le fáil sna cinn ab fhearr acu, *An Pósadh*, *An Tincéar agus an tSídheóg*, agus *Teach na mBocht*. Ach thug de hÍde faoi Shéamas an Chaca agus faoi mhuintir Choláiste na Tríonóide sna haortha, *Rígh Seumas agus Pleusgadh na Bulgóide*. Scáthán ar luachann ‘Irish-Ireland’ saothar drámata de hÍde ó thús deireadh.

Ba mar léiriú de chuid an Irish Literary Theatre a stáitsíodh *Casadh an tSúgáin* in Amharclann an Gaiety i mBaile Átha Cliath an 21ú Deireadh Fómhair 1901. Baill de Chraobh an Chéitinnigh a bhí sa fhoireann diomaite den pháirt is de de hÍde féin a thóg páirt Thomáis Uí Annracháin.

Pádraic Ó Conaire (1882-1928)

Mórúdar na Chéad Athbheochana. Gearrscéalaí, úrscéalaí, drámadóir, aisteoir. An cheardaíocht agus an tuiscint don duine leochaileach le fáil sa chuid ab fhearr dá shaothar. B’fhear beag é ar ghleascéalta móra béaloideas de lena linn is ó shin i leith. Cheap Ó Conaire sé dhráma Ghaeilge ar laghad, is leagan de scéal Cinderella, *Caitlín na Clúide*, orthu. Lena chois sin, tá teacht ar dhrámaí neamhfhoilsithe Béarla, *The Cherry Bird*, a scríobh Ó Conaire i bpáirt le cara Ceanadach, Katherine Hughes.

Bronnadh duais Oireachtais ar *Bairbre Rua* ag Oireachtas 1908 agus – má tá neamhchinnteacht a baint le dáta an chéad léirithe – is eol dúinn gur stáitsíodh an dráma le linn Fhéile an Oireachtais i mBaile Átha Cliath an 6ú Lúnasa 1908. Ó Conaire féin a bhí i bpáirt Mháirtín sa léiriú sin.

Tomás Mac Domhnaill (1885-1938)

Múinteoir i Scoil Éanna an Phiarsaigh agus dochtúir le leigheas. Sa bhliain 1910, nuair nach raibh a éirí le Mac Domhnaill a aistriúchán ar *Riders to the Sea* le John M. Synge a chríochnú in am do Oireachtas, faoi mar a bhí geallta aige do Choiste an Oireachtais, chuir sé roimhe bundráma a chumadh as an nua. ‘Lá dhá raibh an Piarsach, Tomás Mac Donnchadha, Pádhraic Mac Cuilm, agus mé féin ag caitheamh lóin i Sgoil Éanna d’innsigheas dhóibh mo sgéal faoi Choiste an Oireachtais agus céard a bhí fúm do dhéanamh,’ a scríobh Mac Domhnaill. “‘Innis gearr-chunntas do dhráma dhúinn,’ ars’ iad-san. D’innsigheas. Bhí sé le bheith beagán níos fuide ná mar tá sé, acht budh comhairle mo thriúir charad dhom a ghiorrughadh mar tá sé anois. I n-a dhiaidh sin thosúigheas ar sgríobhadh. D’éistigheadar leis arís ar a bheith críochnuighthe agam. Thugadar moladh mór dó na rabhas ag súil leis.’

Áine Ní Ruairc an chéad teideal a bhí ar an dráma seo a stáitsíodh den chéad uair ag an Oireachtas i mBaile Átha Cliath an 4ú Lúnasa 1910.

Séamus de Bhilmot (1902-1977)

Duine de dhrámadóirí bisiúla 1920í-1940í. Stáitsigh an Comhar Drámuíochta, Compánt Amharclainne na Gaeilge, Amharclann na Mainistreach, agus Taibhdhearc na Gaillimhe bundrám nua leis. Sa dráma fada is dúshlánaí leis, *San Am Soin*–, athinsint ar imeachtaí Sheachtain na Páise, éard atá sa phríomhphearsa, Barrabas, treallchogaí Giúdach atá ag troid in aghaidh na Rómhánach.

Níorbh é *An Casán* an chéad dráma i nGaeilge ina raibh plé – ar bhealach fáthchiallach gabhlána nó ar shlí fholaithé féin – ar uafás Chogadh Cathartha na hÉireann. An bhliain sular stáitsíodh *An Casán*, léirigh an Comhar Drámuíochta *An Mhallacht*, dráma gairid le Leon Ó Broin a bhaineann cogadh cathartha. Ar ócáid a chéad léirithe, is é an suíomh a bhí ann ná an Pholainn aimsir a Mharascail Józef Pilsudski a bhí taobh thiar de coup d'état sa bhliain 1926. Nuair a d'fhoilsigh *An Gúm* *An Mhallacht* sa bhliain 1931, bhí an dráma suite in Éirinn i rith an Chogaidh Chathartha.

Ba é an Comhar Drámuíochta a léirigh *An Casán* den chéad uair in Amharclann na Mainistreach a 2ú Aibreán 1928. ‘*This is far and away the best tragedy that has ever appeared on the Gaelic stage. The play was compact and well-knit, tense to the end, and, above all, drama,*’ a mhaígh ‘T. O’R léirmheastóir téatair de chuid *The Irish Statesman*.

Máiréad Ní Ghráda (1896-1971)

Má ba dhuine de bhunaitheoirí an Chomhar Drámuíochta í siúd sa bhliain 1923, níor bhláthaigh Máiréad Ní Ghráda mar dhrámadóir gur thosaigh sí ag obair in éineacht le Tomás Mac Anna i Amharclann na Mainistreach sna 1950í. Ba san amharclann sin a stáitsíodh gearrdhrámaí Ní Ghráda *Úll Glas Oíche Shamhna* (Samhain 1955), *Súgán Sneachta* (Meán Fómhair 1959), agus *Mac Uí Rud* (Aibreán 1961). D’fhóir scrípteanna Ní Ghráda is an léiriú a rinne Mac Anna orthu do pholasaí na Mainistreach drámaí taitneamhacha aonghnímh Gaeilge a chur ar an ardán mar eireaball ar na príomhléirithe Béarla.

Ní haon taisme é mar gheall ar an pholasaí thuas gur in Amharclann an Damer, faoi choimirce Ghael Linn, a stáitsíodh an dráma fada is tábhachtaí le Ní Ghráda, *An Triail*, an 22ú Meán Fómhair 1964. Arís, ba é Mac Anna a léirigh an dráma sin.

Duaisdhráma i gcomórtas drámaíochta na Mainistreach sa bhliain 1949 a bhí in *Lá Buí Bealtainn*. Ba in Amharclann na Mainistreach (Amharclann na Ríona ar Shráid an Phiarsaigh) a stáitsíodh é den chéad uair an 5ú Samhain 1953.

Eoghan Ó Tuairisc (1919-1982)

D’éirigh Ó Tuairisc as an mhúinteoireacht le dul leis an scríbhneoireacht go lánaimseartha. Corp mór liteartha i nGaeilge is i mBéarla uaidh dá bhrí sin, idir úrscéalta, fhilíocht is dhrámaí.

Ba mar scríbhneoir gheamaireachtaí Gaeilge Amharclann na Mainistreach a shaothraigh Ó Tuairisc a chuid dintiúirí drámaíochta. D’éirigh leis an tuiscint a bhí aige don teicníc stáitse is an cur amach a bhí aige ar an litríocht Chlasaiceach a nascadh le chéile i sraith drámaí dea-chumtha, agus *Lá Fhéil Míchíl*, *De réir na Ruibricí* agus *Cúirt na Gealaí* orthu.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag Ó Tuairisc faoi mheadaracht a véarsdhráma, *Na Mairnéalaigh* ‘Meadaracht. Bhéarsaíocht drámaiteach bunaithe ar bhéarsaíocht epicigh na Gaeilge (e.g. ‘Cúirt a Mheánoíche’ agus ‘Eachtra Ghiolla an Amaráin’) a bhfuil ceithre bhéim gutha i ngach líne aici. T iarracht déanta agam an mheadaracht sin a chur in oiriúint don ghnáth-chomhrá trí scéim na gcom fhuaime do scagadh agus trí chead a gcos a thabhairt dosna siollaí éadtroma.’ Ní filíocht a bhí i mheadaracht, arsa Ó Tuairisc, ‘ach friotal drámaiteach.’ (Luaite ag Máirín Nic Eoin, *Eoghan Tuairisc. Beatha agus Saothar*. BÁC: An Clóchomhar, 1988, 148-149).

Bronnadh Duais na Comhairle Ealaíon ar *Na Mairnéalaigh* ag Oireachtas 1959. Ba ar an raidió rinneadh an chéad léiriú air nuair a chraol Raidió Éireann é an 24ú Bealtaine 1960. Ba sa Damer, mBaile Átha Cliath, a cuireadh ar an ardán é den chéad uair an 9ú Aibreán 1962.

Seán Ó Tuama (1926-2006)

Scoláire, file agus drámadóir. Duine de bhunaitheoirí Chompántas Chorcaí sa bhliain 1953. Ba scríbhneoir é sa bhliain 1950í agus sna 1960í a scríobh sé formhór a dhrámaí móra, is *Gunna Cam agus Slabhra Óir*, *Comhar*, *Eoghain Uí Shúilleabháin*, agus *Is É Seo M'Óileán* orthu. Tá an-éagsúlacht ó thaobh ábhar de ag roinnt de drámaí Uí Thuama agus mar gheall ar thréimhse thrí ráithe a chaith é ag déanamh staidéir nuadrámaíocht na hEorpa sa Fhrainc in 1955-56, tá luí aige le modhanna trialacha stáitse. 'Caithfeadh a admháil go bhfuil Seán Ó Tuama ar a dhícheall ag iarraidh na seanbhallaí a leagadh chun teacht ar mhúnla nua do dhrámaíocht na Gaeilge,' a scríobh L. S. Tuathail in *Comhar* i Meitheamh 1964.

Bronnadh an chéad duais sa chomórtas drámaíochta is Gradam an Oireachtais ar *Gunna Cam agus Slabhra Óir* ag Oireachtas 1954. Nuair a stáitsíodh an dráma den chéad uair in Amharclann na Mainistreach an 21ú Deireadh Fómhair 1956 – in Amharclann na Ríona ar Shráid an Phiarsaigh, mar raibh Amharclann na Mainistreach lonnaithe de dheasca dóiteáin i sean-Amharclann na Mainistreach – níor mhair an léiriú ach an t-aon oíche amháin mar gheall ar pholasaí na Mainistreach gan airgead chaitheamh ar dhrámaí fada Gaeilge.

Duaisdhráma ó Oireachtas 1955 is ea *Moloney*. Tugadh an chéad léiriú air nuair a stáitsíodh Chompántas Chorcaí é ag Féile Drámaíochta an Oireachtais, ag Amharclann R. I. A. M., i mBaile Átha Cliath, an 28ú Deireadh Fómhair 1956.

Seán Ó Coisdealbha (1929-2006)

Idir dhrámaí, fhilíocht is agallaimh bheirte curtha de aige. Thaispeáin a leabhar *Buille faoi Thuairisc Gabha* (1987) gur fear réitithe fadhbanna i véarsaíocht é fosta.

Ba sna 1960í a chuir pobal na Gaeilge aithne air. D'fhoilsigh Sáirséal agus Dill na drámaí, *Ortha nua*, *Seirce* agus *An Tincéara Buí*, agus bhíodh Johnny Chóil Mhaidhc – mar aon lena Chomplacht oícheanta Ghaeltacht – le feiceáil sa Damer faoi choinne na nOícheanta Airneáin ina mbíodh drámaíocht, ceol agus reacaireacht. Ón 22ú Samhain go dtí an 9ú Nollaig 1967, is éard a bhí ar chlár an Damer tús ghearrdhráma, *Faoiseamh*, bundráma nua le John B. Keane, *Éisc Aduain* le Máirtín Ó Direáin, agus *Mar a Chéile Muid* le Johnny Chóil Mhaidhc.

Léirigh Cumann Drámaíochta Indreabháin *Mar a Chéile Muid* den chéad uair i 1959.

Caitlín Maude (1941-1982) agus Mícheál Ó hAirtnéide (1941-1999) Beirt a cailleadh roimh a n-aois. Amhránaí, file is aisteoir ab ea Caitlín Maude a raibh an phríomhpháirt aici sa chéad léiriú ar *Triail* le Máiréad Ní Ghráda sa Damer sa bhliain 1964 (ba í Fionnuala Flanagan a tháinig mar chomharba uirthi nuair a bhuaill tinneas Caitlín Maude). Chorródh leagan Maude den amhrán mór go dtí 'Dónall Óg' na clocha is na crainn is an croí crua féin.

Duine de mhórfhilí na hÉireann san fhichiú haois ab ea Mícheál Ó hAirtnéide a d'fhág slán ag a n-aois. Bhéarla sna 1970í chun cloí leis an scríbhneoireacht Ghaeilge. Má d'fhill sé ar an Bhéarla, b'ábhaí teannais is inspioráide an dá theanga i gcónaí aige. Diomaite dá bhunsaothar féin, d'aistrigh sé go dtí Béarla saothar le Pádraigín Haicéad, le Dáibhí Ó Bruadair, le hAodhgán Ó Rathaille, is le Nuala D'Amháin. Dhomhnaill.

Ba i dTaibhdhearc na Gaillimhe an 14ú Meitheamh 1962 a stáitsíodh *An Lasair Choille* den chéad uair. Ní raibh an bheirt údar ach fiche bliain d'aois ag an am sin.

Antoine Ó Flatharta (1953—)

Duine de na drámadóirí is bisiúla in Éirinn le scór bliain anuas. Is scríbhneoir lánaimseartha é a scríobhann i nGaeilge is i mBéarla. Tá an iliomad scrípteanna scríofa aige don stáitse (mar shampla *Imeachtaí na Saoirse* agus *Gaeilgeoirí*) is don teilifís (*Raic*), agus stáitsíodh drámaí leis ar fud na hÉireann, i Sasana is i Meiriceá. Tá baint aige fosta mar scríptscribhneoir le *Glenroe* is le *Ros na Rún*.

Is go neamhleithscéalach neamheaglach a chuireann Ó Flatharta caint bheo Chonamara, nó *pat* Chonamara mar a déarfadh daoine eile, os comhair an lucht féachana. Is iomaí saothrín nár tháinig slán ó leithéid ‘Ar mheetáil sibh *manager* an *choop* fós...’ faoi mar a deir duine de phearsan *Imeachtaí na Saoirse*.

Craoladh an scannán teilifíse *Grásta i Meiriceá* ar RTÉ an 20ú Nollaig 1990. RTÉ i gcomhar DEILT a léirigh é.

Cathal Ó Searcaigh (1956—)

File a bhfuil aitheantas mór faighte aige sa bhaile is i gcéin, ní hé amháin mar gheall ar a bhundán Gaeilge nó ar na haistriúcháin Bhéarla orthu ach mar gheall ar a chur i láthair ag a chuid seisiú léitheoireachta.

Tá dráma fada, *Tá an Tóin ag Titim as an tSaol*, scríofa ag Ó Searcaigh. Ina theannta sin, chóirigh *Mairimid leis na Mistéirí*, atá bunaithe ar *Over the Wall*, leis an drámadóir Sasanach, James Saunders. ‘Ní aistriúchán atá againn anseo [i *Mairimid leis na Mistéirí*] ach saorleagan. Athchóiriú ag athchruthú ar bhun-smaoineamh an bhunleagain,’ a thugann réamhrá na scrípte neamhfhoilsithe fios. Tá *Mairimid leis na Mistéirí agus drámaí eile* foilsithe ag Arlen House (2006).

Ba é An Grianán Productions a thug an chéad léiriú ar *Oíche Ghealaí i nGaililí* (faoin teideal *Oíche Ghealaí*) in Amharclann an Ghrianáin, Leitir Ceanainn, ar an 27ú Meán Fómhair 2001.

Biddy Jenkinson

Is mar fhile is fearr aithne ar an scríbhneoir ildánach seo. Ceithre leabhar filíochta dá cuid foilsithe a Coiscéim, chomh maith le cnuasach gairscéalta, *An Grá Riabhach*, agus *Rogha Dánta* léi foilsithe a Cork University Press. Bronnadh duaiseanna Oireachtais ar na drámaí, *Aisteoirí na Ríona* agus *Staighre Staighre*. Stáitsigh an compántas Aisling Ghéar an gearrdhráma, *Oh Rajerum!*, sa Chultúrlann i mBéal Feirste sa bhliain 1999. Craoladh drámaí raidió leis an údar seo fosta.

Nuair nach mbíonn Biddy Jenkinson ag scríobh, bíonn sí ag déanamh cúraim den ghairdín is de mbeacha. Faoi láthair, tá sí ag iarraidh bealach a aimsiú le plandaí a chur ag fás i laíon nó i mbrúit déanta de nuachtáin.

Bronnadh Duais an Mhaolánaigh (á tairiscint ag Amharclann de hÍde) ar *Mise, Subhó agus Maccó* ag Oireachtas 1999.

Chéadléirigh compántas Aisling Ghéar *Mise, Subhó agus Maccó* i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich i mBéal Feirste an 24ú Eanáir 2000.

Nóta Eagarthóireachta

Agus mé ag gabháil den obair eagarthóireachta ar an chnuasach gearrdhrámaí seo, ba é a prionsabal eagarthóireachta ba mhó a bhí agam ná cead a c[h]inn a thabhairt do gach údar is gan cisteach ar na scrípteanna is ar na leaganacha litrithe is canúna a bhí iontu, dá mb’fhéidir liom sin dhéanamh. Bíodh sin mar atá, chonacthas dom nár mhór dom a chinntiú go mbeadh caighdeán i gceist maidir le leagan amach na ndrámaí i gcoitinne is maidir leis an litriú taobh istigh de gach téacs mion aonad ar leith. Áiteanna a raibh níos mó ná foirm nó leagan litrithe amháin in úsáid ag an údar in d[h]ráma, is é an nós a bhí agam cloí le haon cheann amháin acu ó thús deireadh an dráma sin.

Is iad seo a leanas na leaganacha de na drámaí a ceadaíodh: Dubhghlas de hÍde, *Casadh an tSúgáin*

Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath 1934, an dara heagar; Pádraic Ó Conaire, *Bairbre Ruad*
 Conradh na Gaedhilge, Baile Átha Cliath 1908; Tomás Mac Domhnaill, *Áine agus Caoimhghí*
 Clódhanna Teo., Baile Átha Cliath 1910; Séamus de Bhilmot, *An Casán* in *An Casán agus Múchadh*
tSoluis, Oifig Díolta Foilseacháin Rialtais, Baile Átha Cliath, gan dáta; Máiréad Ní Ghráda, *Lá B*
Bealtaine, Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath 1954; Eoghan Ó Tuairisc, *Na Mairnéalaig*
 clóscríbhinn neamhfhoilsithe ón Chomhlachas Náisiúnta Drámaíochta, Camus; Seán Ó Tuam
Moloney in *Moloney agus Drámaí Eile*, An Clóchomhar, Baile Átha Cliath 1968; Caitlín Maude agus
 Mícheál Ó hAirnéide, *An Lasair Choille*, clóscríbhinn neamhfhoilsithe ón Chomhlachas Náisiúnta
 Drámaíochta; Seán Ó Coisdealbha, *Mar a Chéile Muid*, clóscríbhinn neamhfhoilsithe ón Chomhlachas
 Náisiúnta Drámaíochta, Camus; Antoine Ó Flatharta, *Grásta i Meiriceá*, Cló Iar-Chonnacht
 Indreabhán 1990; Cathal Ó Searcaigh, *Oíche Ghealaí i nGaililí*, clóscríbhinn neamhfhoilsithe a chuir
 an t-údar ar fáil; Bidy Jenkinson, *Mise, Subhó agus Maccó*, clóscríbhinn neamhfhoilsithe a chuir
 an t-údar ar fáil.

P. Ó

GAIETY THEATRE DUBLIN
 Lenses, MICHAEL GUNN, LIMITED. Telephone, GAIETY, DUBLIN. Manager, Mr. C. BYLAND. Telephone, 60.

Monday, Oct. 21st, 1901
 FOR SIX NIGHTS AND

MATINEES
 WEDNESDAY, AT 2.30 P.M. DIARMID AND GRANIA
 SATURDAY, AT 2.30 P.M. KING LEAR

BY REQUEST OF THE IRISH LITERARY THEATRE.

MR. F. R. BENSON
 Will Produce
 A New and Romantic Play, in Three Acts, entitled:

DIARMID & GRANIA
 By GEORGE MOORE and W. A. YEATS

Monday, Tuesday, Wednesday, October 21, 22, 23 at 8 p.m.

Matinee, Wednesday, Oct. 23, at 2.30 p.m.

ACT 1 THE BANQUETING HALL IN TARA
 ACT 2 DIARMID'S HOUSE
 ACT 3 THE WOODED SLOPES OF BEN BOLSEN

Special Music Written by Dr. F. M. ELDER
 To be Followed on MONDAY, TUESDAY and WEDNESDAY Evenings by
"THE TWISTING OF THE ROPE,"
 By DOUGLAS HYDE, L.L.D.

Cast Used by Members of the Gaelic Theatre Dramatic Society

Thursday, Friday, Saturday, October 24, 25, 26, at 8 p.m.

Matinee, Saturday, Oct. 26, at 2.30 p.m.

KING LEAR

Póstaer Amharclann an Gaeity ag fógairt *Casadh an tSúgáin* i 1901. (An téacs faoi *Diarmid & Grania* '...To be followed on Monday, Tuesday and Wednesday evenings by *The Twisting of the Rope* by Douglas Hyde, L.L.D.')

(le caoinhead an Chomhlachais Náisiúnta Drámaíochta)

Casadh an tSúgáin

Dubhghlas de hÍde

NA PEARSANA:
TOMÁS Ó HANNRACHÁIN
MÁIRE BEAN UÍ RIAGÁIN
ÚNA
SÉAMAS Ó HIARAINN
SÍLE
PÍOBAIRE, COMHARSANA AGUS
DAOINE EILE

file Connachtach atá ar seachrán
bean an tí
iníon Mháire
atá luaite le hÚna
comharsa do Mháire

SUÍOMH: Teach feilméara i gCúige Mumhan dhá chéad bliain ó shin. Tá fir agus mná ag dul anonn anall sa tigh, nó ina seasamh cois na mballaí, amhail agus dá mbeadh rince críochnaithe acu. Tá Tomás Ó hAnnracháin ag caint le hÚna i bhfíorthosach an stáitse. Tá an píobaire ag fáscadh a phíob air, le tosú ar sheinm arís, ach bheir Séamas Ó hIarainn deoch chuige, agus stadann sé. Tagann fear ó chuig Úna lena tabhairt amach ar an urlár chun rince, ach diúltaíonn sí dó.

ÚNA Ná bí am' bhodhrú anois. Ná feicir go bhfuilim ag éisteacht lena bhfuil seisean a rá liom. (*Le Mháire Uí Annracháin*) Lean leat, cad é sin a bhís a rá ó chianaibh?

TOMÁS Céard a bhí an bodach sin a iarraidh ort?

ÚNA Ag iarraidh rince orm a bhí sé, ach ní thabharfainn dó é.

TOMÁS Is cinnte nach dtabharfá. Ní dóigh leat go ligfinnse do dhuine ar bith damhsa leat, chomh fada agus a bheinnse anseo. Á, a Úna, ní raibh sólás ná sócúl agam le fada gur tháinig mé anseo anocht agus go bhfaca mé thusa!

ÚNA Cad é an sólás duit mise?

TOMÁS Nuair a bhíonn maide leathdhóite sa tine, nach bhfaigheann sé sólás nuair a dhoirtear uisce air.

ÚNA Ní féidir go bhfuilirse leathdhóite.

TOMÁS Tá, agus tá trí cheathrú de mo chroí dóite agus loiscthe agus caite, ag troid leis an saol, agus a saol ag troid liomsa.

ÚNA Ní fhéachair chomh dona sin!

TOMÁS Úch, a Úna Ní Riagáin, níl aon eolas agatsa ar bheatha an bhaird bhoicht, atá gan teach gan téagar gan tíos, ach é ag imeacht agus ag síorimeacht le fán ar fud an tsaoil mhóir, gan duine ar bith leis ach é féin. Níl maidin den tseachtain nuair a éirím nach n-abraim liom féin go mb'fhéarr dom an uaigh ná an seachrán. Níl aon rud ag seasamh dom ach an bronntanas a fuair mé ó Dhia – mo chuid amhrán. Nuair a thosaím orthu sin, imíonn an brón agus an buaiream díom, agus ní chuimhním níos mó ar mo ghéarchrá ná ar mo mhí-ádh. Agus anois, ó chonaic mé thusa, a Úna, chím go bhfuil rud eile ann, níos binne ná na hamhráin féin!

ÚNA Is iontach an bronntanas ó Dhia an bhardaíocht. Chomh fada agus atá sin agat ná fuilir ní saibhre ná lucht stoic agus stóir, lucht bó agus eallaigh?

TOMÁS Á, a Úna, is mór an bheannacht, ach is mór an mhallacht, freisin, do dhuine é a bheith i bhbard. Féach mise! 'Bhfuil cara agam ar an saol seo? 'Bhfuil fear beo ar mhaith leis mo bhbard? 'Bhfuil grá ag duine ar bith orm? Bím ag imeacht, i mo chadhan bocht aonaránach, ar fud an domhain, mar Oisín i ndiaidh na Féinne. Is fuath le chuile dhuine mé, an fuath leatsa mé, Úna?

ÚNA Ná habair a leithéid de rud, ní féidir go bhfuil fuath ag aoinne duitse.

TOMÁS Tar liom agus suífimid i gcúinne an tí lena chéile agus déarfaidh mé an t-amhrán a rinne mé duit. Is fút féin an t-amhrán.

Imíonn siad go dtí an coirnéal is faide ón stáitse, agus suíonn siad in aice lena chéile. Tagann

Síle isteach.

SÍLE Tháingas chughat chomh luath agus ab fhéidir liom é.

MÁIRE Céad fáilte romhat.

SÍLE Cad atá ar siúl agat anois?

MÁIRE Ag tosú atáimid. Bhí aon phort amháin againn, agus anois tá an píobaire ag ól dí. Tosóidh a rince arís nuair a bheidh an píobaire réidh.

SÍLE Tá na daoine ag bailiú isteach go maith, beidh rince breá againn.

MÁIRE Beidh, a Shíle, ach tá fear acu ann agus b'fhéarr liom amuigh ná istigh é! Féach é.

SÍLE Is ar an bhfear fada donn atá tú ag caint, nach ea? An fear sin atá chomh sáite i gcomhrá le hÚr sa gcoirnéal anois. Cad as dó, nó cé hé féin?

MÁIRE Sin é an cladhaire is measa a tháinig in Éirinn riamh. Tomás Ó hAnnracháin a thugtar air, ach Tomás Rógáire ba chóir a bhaisteadh air. Óra, ná raibh an mí-ádh orm, é a theacht isteach chughainn, in aon chor, anocht!

SÍLE Cén sórt duine é? Nach fear déanta amhrán as Connachta é? Chuala trácht air, cheana, agus de siad ná fuil rinceoir eile in Éirinn chomh maith leis: ba mhaith liom a fheiscint ag rince.



Máire Ní Chinnéide agus Dubhghlas de hÍde sa chéadléiriú de Casadh an tSúgáin in Amharclann an Gaeity i mBaile Átha Cliath 1901.

(le caoinhead an Chomhlachais Náisiúnta Drámaíochta)

MÁIRE Gráin go deo ar an mbithiúnach! Tá a fhios agamsa go rímhaith cén cineál atá ann, mar bhí só carthanais idir é féin agus an chéad fhear a bhí agamsa, agus is minic a chualas ó Dhiarma bocht (go ndéana Dia trócaire air!) cén sórt duine a bhí ann. Bhí sé ina mháistir scoile, thíos gConnachta, ach bhíodh gach aon chleas aige ba mheasa ná a chéile. Ag síordhéanamh amhrán a bhíodh sé, agus ag ól uisce beatha, agus ag cur imris ar bun i measc na gcomharsan le chuid cainte. Deirtear ná fuil bean sna cúig cúigí ná meallfadh sé. Is measa é ná Dónall Gréine fadó. Ach ba é deireadh an scéil gur ruaig an sagart amach as an bparóiste ar fad. Fuair sé áit eile ansin, ach lean sé de na cleasanna céanna, gur ruaigeadh amach arís, agus an eile, é. Agus anois níl tigh ná treabh aige ach é ag gabháil na tíre, ag déanamh amhrán agus a fáil lóistín na hoíche ó na daoine. Ní dhiúltaíonn aoinne é, mar bíonn faitíos orthu roimhe. mór an file é, agus b'fhéidir go ndéanfadh sé rann ort a ghreamódh go deo díot, dá gcuirfe fearg air.

SÍLE Go bhfóire Dia orainn! Ach cad a thug isteach anocht é?

MÁIRE Bhí sé ag taisteal na tíre, agus chuala sé go raibh rince le bheith anseo, agus tháinig sé isteach
—mar bhí aithne aige orainn—bhí sé an-mhór le mo chéad fhear. Is iontach mar a bhíonn sé a
baint amach a shlí bheatha in aon chor agus gan aige ach a chuid amhrán. Deirtear ná fuil áit
dtéann sé ná tugann na mná grá dó, agus ná tugann na fir fuath dó.

SÍLE (*Ag breith ar ghualainn Mháire*) Iompaigh do cheann, a Mháire, féach é anois: é féin ag
d'iníonsa, agus iad ag cogarnaíl lena chéile. Tá sé tar éis amhrán a dhéanamh di, agus tá sé
mhúineadh di. Agus m'anam ón diabhal mura bhfuil peann aige, agus é á chur ar páipéar d
Óra, an bithiúnach! Beidh sé ag cur a chuid piseog ar Úna anois.

MÁIRE Ochón go deo! Nach mí-ádhúil a tháinig sé! Tá sé ag caint le hÚna ó tháinig sé isteach,
huaire ó shin. Dheineas mo dhícheall chun iad a scaradh óna chéile, ach theip orm. Tá Úna
bhocht tugtha do gach sórt seanamhrán agus seanraiméis de scéalta, agus is binn leis a
gcréatúr a bheith ag éisteacht leis, mar tá béal aige sin a bhréagfadh an smólach den chraob
Tá a fhios agat go bhfuil gach ní socair réidh do bhainis Úna agus Shéamais Uí Iarainn ansin
ráithe ón lá inniu. Féach Séamas bocht ag an doras agus é ag faire orthu. Tá brón agus ceann
faoi air. Is furasta a fheiscint go mba mhaith le Séamas an scraiste sin a thachtadh an nóiméad
seo. Tá faitíos mór orm go mbeidh an ceann iompaithe ar Úna lena chuid bladaireachta. Chomh
cinnte a's atáim beo, tiocfaidh olc as an oíche seo.

SÍLE Agus ná féadfá a chur amach?

MÁIRE D'fhéadfainn; níl duine anseo a chuideodh leis, mura mbeadh bean nó dhó. Ach is file mór
agus tá mallacht aige a scoiltfeadh na crainn agus a réabfadh na clocha. Deirtear go lobhann a
síol sa talamh agus go n-imíonn a gcuid bainne ó na ba nuair a thugann file den saghas sin
mhallacht dóibh. Ba ródhainséarach an beart é an bithiúnach a chaitheamh amach as an tigh.
Ach dá mbeadh sé amuigh, mise i mbannaí ná ligfinn isteach arís é.

SÍLE Dá rachadh sé amach dá dheoin féin, ní bheadh aon bhrí ina chuid mallacht ansin?

MÁIRE Ní bheadh. Ach ní rachaidh sé amach dá dheoin féin, agus ní thig liomsa é a ruaigeadh amach
eagla a mhallacht.

SÍLE Féach Séamas bocht. Tá sé ag dul anonn chuig Úna. *Éiríonn Séamas agus téann sé anonn chuig Úna.*

SÉAMAS An miste leat an ríl seo a rince liomsa, a Úna, nuair a bheidh an píobaire réidh.

TOMÁS (*Ag éirí*) Is mise Tomás Ó hAnnracháin, agus tá mé ag labhairt le hÚna Ní Riagáin anois ag
chomh fada agus a bheas fonn uirthise a bheith ag caint liomsa ní ligfidh mé d'aon duine eile
theacht eadrainn. SÉAMAS (*Gan aird a thabhairt ar Mhac Uí Annracháin*) Ná déanfair rince
liom, a Úna?

TOMÁS (*Go fíochmhar*) Nár dhúirt mé leat anois gur liomsa a bhí Úna Ní Riagáin ag caint? Imigh le
ar an móimid, a bhodaigh, agus ná tóg clampar anseo.

SÉAMAS A Úna –

TOMÁS (*Ag béicíl*) Fág sin!

Imíonn Séamas agus tagann sé go dtí an bheirt sheanbhan.

SÉAMAS A Mháire Uí Riagáin, táim ag iarraidh cead ortsa an scraiste mí-ádhúil meisciúil sin
chaitheamh amach as an tigh. Má ligir dom, cuirfeadh féin agus mo bheirt dheartháireachta
amach é, agus nuair a bheidh sé amuigh socróidh mise leis.

MÁIRE Ó, a Shéamais, ná déan! Tá faitíos orm roimhe. Tá mallacht aige sin a scoiltfeadh na crainn
deir siad.

SÉAMAS Is cuma liom má tá mallacht aige a leagfadh na spéartha. Is ormsa a thitfidh sé, agus cuirfidh
mo dhúshlán faoi. Dá maródh sé mé ar an nóiméad, ní ligfinn dó a chuid piseog a chur ar Úna
A Mháire, tabhair dom cead.

SÍLE Ná déan sin, a Shéamais, tá comhairle níos fearr ná sin agamsa.

SÉAMAS Cad í an chomhairle í sin?

SÍLE Tá slí agamsa chun é a chur amach. Má leanann sibh mo chomhairlese rachaidh sé féin amach chomh socair le huan, dá thoil féin, agus nuair a gheobhaidh sibh amuigh é, buailigí an doras air, agus ná ligigí isteach arís go brách é.

MÁIRE Rath ó Dhia ort, agus inis dom cad é an plean é.

SÍLE Déanfaimid é chomh deas agus chomh simplí agus a chonaic tú riamh. Cuirfimid é ag casadh súbáin go bhfaighimid amuigh é, agus buailfimid an doras air ansin.

MÁIRE Is furasta é a rá, ach ní furasta é a dhéanamh. Déarfaidh sé leat, ‘déan súbán thú féin.’

SÍLE Déarfaimid ansin ná faca aoinne againn súbán féir riamh, ná fuil duine sa tigh gur féidir le ceann acu a dhéanamh.



Radharc as an chéad léiriú de *Casadh an tSúbáin* i 1901. Dubhghlas de hÍde sa lár.
(le caoinchead an Chomhlachais Náisiúnta Drámaíochta)

SÉAMAS Ach an gcreidfidh sé a leithéid sin de rud... ná facamar súbán riamh?

SÍLE An gcreidfidh sé é, an ea? Creidfidh sé aon rud is maith leat. Chreidfeadh sé go raibh sé féin ina gceann ar Éirinn ach gloine a bheith ólta aige, mar atá anois.

SÉAMAS Ach cad é an craiceann a chuirfimid ar an mbréag seo – go bhfuil súbán féir ag teastáil uainn?

MÁIRE Cuir craiceann air mar scéal, a Shéamais.

SÉAMAS Déarfad go bhfuil an ghaoth ag éirí agus go bhfuil díon an tí á scuabadh leis an stoirm, agus go gcaithfimid súbán a chur air.

MÁIRE Ach má éisteann sé ag an doras beidh a fhios aige ná fuil gaoth ná stoirm ann. Ceap rud éigin eile, a Shéamais.

SÍLE 'Nois, tá an chomhairle cheart agamsa. Abair go bhfuil cóiste leagtha ag bun an chnoic, agus go bhfuiltear ag iarraidh súbáin chun an cóiste a dheisiú. Ní fheicfidh sé chomh fada sin ón doras agus ní bheidh a fhios aige nach fíor é.

MÁIRE Sin é an scéal, a Shíle. 'Nois, a Shéamais, gabh i measc na ndaoine agus lig an rún leo. Ina ndóibh cad tá acu le rá – ná facthas súbán féir sa dúiche seo riamh – agus cuir craiceann maí ar an mbréag thú féin.

Imíonn Séamas ó dhuine go duine ag cogarnaíl leo. Tosaíonn cuid acu ag gáire. Tagann a píobaire agus tosaíonn sé ag seinm. Éiríonn a trí nó a ceathair de chúplaí, agus tosaíonn siad ag damhsa. Imíonn Séamas amach.

TOMÁS (*Ag éirí tar éis a bheith ag féachaint orthu ar feadh cúpla móimid*) Stopaigí! An dtugann sibh damhsa ar an strapaireacht sin! Tá sibh ag bualadh an urláir mar a bheadh an oiread s' d'eallach. Tá sibh chomh trom le bulláin, agus chomh ciotach le hasail. Go dtachtar m'phíobán dá mb'fhearr liom a bheith ag féachaint oraibh ná ar an oiread sin lachan bacach a léimnigh ar fud an tí ar leathchois! Fágai gí an t-urlár faoi Úna Ní Riagáin agus fúmsa.

FEAR (*Atá ag dul ag damhsa*) Ach cén fáth a bhfágfaimis an t-urlár fútsa?

TOMÁS Tá an eala ar bhruach na toinne, tá an Féinics Ríoga, tá PEARLA an Bhrollaigh Bháin, tá Véineas i measc na mban, tá Úna Ní Riagáin ina seasamh liomsa, agus áit ar bith a n-éiríonn sise suas umhlaíonn an ghealach agus an ghrian féin di, agus umhlóidh sibhse. Tá sí ró-álainn agus róspéiriúil le haon bhean eile a bheith ina haice. Ach fan go fóill, sula dtaispeánaí daoibh mar a níonn an buachaill breá Connachtach damhsa, déarfaidh mé an t-amhrán daoibh rinne mé do Réalta Chúige Mumhan – d'Úna Ní Riagáin. Éirigh, a ghrian na mban, ag déarfaimid an t-amhrán le chéile, gach re véarsa mar a bhreac mé síos duit ar an bpáipéar é riocht agus go mbeidh sé agat amárach. Agus ansin taispeánfaimid dóibh céard é is damhsa fírinneach ann.

Tugann sé a lámh d'Úna, éiríonn sí agus seasann siad lena chéile.

TOMÁS (*Ag gabháil*)

'Sí Úna Bhán na gruaige buí
An chúilfhionn 'chraigh in mo lár mo chroí,
Is ise mo rún 's mo chumann go buan,
Is cuma liom choíche bean ach í.

ÚNA (*Ag léamh*)

A bhaird na súile duibhe, is tú
Fuair bua ins an saol a's clú,
Goirim do bhéal a's molaim thú féin,
Do chuiris mo chroí in mo chléibh amú.

TOMÁS Goirim thú, a Úna Ní Riagáin, goirim thú, a scoth na mban. Ó! Nach agatsa atá an guth is binne ná an ceol sí! Óra, nach mise a bhí dána nuair a chuir mé mo mholadh féin i do bhéalsa!

(*Ag gabháil*)

'Sí Úna Bhán na gruaige óir,
Mo shearc, mo chumann, mo ghrá, mo stór:
Rachaidh sí féin lena bard i gcéin,
Do loit sí a chroí ina chléibh go mór.
(*Ag caint*) Anois, a Úna, an chéad véarsa eile.

ÚNA (*Agus an páipéar ina láimh*)

Níorbh fhada oíche liom ná lá,
Ag éisteacht le do chomhrá breá,
Is binne do bhéal ná seinm na n-éan
Óm chroí in mo chléibh a fuarais grá.

TOMÁS (*Ag gabháil*)

Do shiúil mé féin an domhan iomlán,
Sasana, Éire, an Fhrainc 's an Spáinn,
Ní fhaca mé féin sa mbaile ná 'gcéin
Aon ainnir fán ngréin mar Úna Bhán.

(*Ag caint*) Ní fhaca, maise! Ná aon fhear eile. Agus cén chaoi a bhfeicfimis, nuair nach bhfuil leithéid ann! Hú!

(*Ligeann sé béic as*) Anois, a bhláth na n-úll!

ÚNA (*Ag léamh*)

Do chuala mise an chláirseach bhinn,
Sa tsráid sin Chorcaí, ag seinm linn,
Is binne go mór liom féin do ghlór,
Is binne go mór do bhéilín grinn.

TOMÁS (*Ag gabháil*)

Do bhí mé féin i mo chadhan bocht, tráth,
Níor léir dom oíche thar an lá,

Go bhfaca mé í a ghoid mo chroí,
A's do dhíbir díom mo bhrón 's mo chrá.'

(*Ag caint*) Rinne tú sin, a Úna, agus rinne tú rud míle uair níos mó ná sin. Óch, cén chaoi arbh é sin a fhéidir liom thú a mholadh i gceart. Dá mbeadh neart Apollo nó cumhacht Diana, a dheirfiú agam is i measc na réaltaí a chuirfinn thú. Arís, a Úna!

ÚNA (*Ag léamh*)

Do bhí mé féin ar maidin inné,
Ag siúl cois coille le fáinne an lae,
Bhí éan ansin ag seinm go binn,
'Mo ghrá-sa an grá a's nach álainn é!'

Glaog agus torann agus buaileann Séamas Ó hIarainn an doras isteach.

SÉAMAS Ob-ob-ú, och-on-í-o, go deo! Tá an cóiste mór leagtha ag bun an chnoic. Tá an mála a bhfuil litreacha na tíre ann pléasctha, agus níl sreang ná téad ná rópa ná faic acu chun é a cheangal arís. Tá siad ag glaoch amach anois ar shúgán féir a dhéanamh dóibh – pé saghas ruda é sin agus deir siad go mbeidh na litreacha agus an cóiste cailte d'uireasa súgáin fhéir chun iad a cheangal.

TOMÁS Ná bí 'ár mbodhrú. Tá ár n-amhrán ráite againn, agus anois táimid ag dul ag damhsa. Iad a thagann an cóiste an bealach sin ar chor ar bith.

SÉAMAS Tagann sé an bealach sin anois – ach is dócha gur strainséir thusa, agus ná fuil eolas agat air. Ná tagann an cóiste thar an gcnoc anois, a chomharsana?

IAD UILE Tagann, tagann go deimhin.

TOMÁS Is cuma liom má thagann nó mura dtagann. Ach b'fhearr liom fiche cóiste a bheith briste ar a mbóthar ná go gcuirfeá Péarla an Bhrollaigh Bháin ó dhamhsa dúinn. Abair leis an gcóiste rópa a chasadh dó féin.

SÉAMAS Ó murdar, ní féidir leis é, tá an oiread sin d'fhuinneamh agus de theaspach agus de lúth sráid a bhfuil capaill aigeanta sin go gcaithfidh mo chóisteoir bocht breith ar cheann orthu. Is ar éigean báid a bhí ann is féidir leis a gceapadh ná a gcoinneáil. Tá faitíos a anama air go rachaid ar a mhullach, agus go n-imeoid uaidh de ruaig. Tá gach aon seitreach astu, ní fhacais riamh a leithéid de chapall fhiáine!

TOMÁS Má tá, tá daoine eile sa gcóiste a dhéanfas rópa más éigean don chóisteoir a bheith ag ceann na sráid a gcapall: fág sin agus lig dúinn damhsa.

SÉAMAS Tá; tá triúr eile ann, ach maidir le duine acu, tá sé ar leathláimh, agus fear eile acu – tá sé ar ballchrith leis an scanradh a cuireadh air, ní féidir leis seasamh le neart eagla; agus maidir le fear eile an tríú fear níl aoinne sa tír a ligfeadh an focal sin 'rópa' as a bhéal ina fhianaise mar nach raibí rópa a crochadh a athair féin anuraidh mar gheall ar chaoirigh a ghoid.

TOMÁS Casadh fear agaibh féin súgán dó, mar sin, agus fágaigí an t-urlár fúinn. (*Le hÚna*) 'Nois, réalta na mban, taispeáin dóibh mar a imíonn Iúno i measc na ndéithe, nó Helen faoin sciosadh an Traoi. Dar mo lámh, ó d'éag Deirdre, faoinar cuireadh Naoise Mac Uisneach chuig an bábais, níl a hoidhre in Éirinn inniu ach thú féin. Tosaímis.

SÉAMAS Ná tosaigh, go mbeidh an súpán againn. Ní féidir liomsa súpán a chasadh. 'Bhfuil aoinne anseo gur féidir leis rópa a dhéanamh?

TOMÁS 'Bhfuil tú a'rá nach bhfuil duine ar bith anseo gur féidir leis rópa a dhéanamh!

IAD UILE Muise, marbhfháisc ort! Tá.

SÍLE Agus is fíor daoibh é. Níor dhein aoinne sa tír seo súpán féir riamh, ní mheasaim go bhfuil duine sa tigh seo a chonaic ceann acu fiú amháin, ach mise. Is maith is cuimhin liom, nuair ná railleá ionam ach gearchaile beag, go bhfaca mé ceann acu ar ghabhar a thug mo sheanathair leis. Connachta. Bhíodh na daoine go léir ag rá, 'arú, cén sórt ruda é sin in aon chor?' agus dúin seisean gur súpán a bhí ann, agus go ndéanadh na daoine a leithéidí thíos i gConnachta. Dúin sé go rachadh fear acu ag coinneáil an fhéir agus fear eile á chasadh. (*Le Mac Uí Annracháil*) Coinneoidh mise an féar anois, má théann tusa á chasadh.

SÉAMAS Tabharfadsa glac féir isteach. (*Imíonn sé amach.*)

TOMÁS (*Ag gabháil*)

Déanfaidh mé cáineadh Chúige Mumhan,
Ní fhágann siad an t-urlár fúinn;
Níl iontu casadh súpáin, féin!
Cúige Mumhan gan snas gan séan!
Gráin go deo ar Chúige Mumhan,
Nach bhfágann siad an t-urlár fúinn;
Cúige Mumhan na mball séire mbréan,
Nach dtig leo casadh súpáin, féin!

SÉAMAS (*Ar ais*) Seo agat an féar anois.

TOMÁS Tabhair dom anseo é. Taispeánfaidh mise daoibh céard a dhéanfas an Connachtach dea-mhúin deaslámhach, an Connachtach cóir cliste ciallmhar, a bhfuil lúth agus lánstuaim aige ina láimh agus ciall ina cheann, agus misneach ina chroí, ach gur sheol mí-ádh agus mórbhuaireamh a tsaoil é i measc leibidíní Chúige Mumhan, atá gan airde gan uaisle, atá gan eolas ar an earthar an lacha, nó ar an ór thar an bprás, nó ar an lile thar an bhfeochadán, nó ar réalta na mbaile óg, agus ar Phéarla an Bhrollaigh Bháin, thar a gcuid sraoileanna agus giobachán féin. Tabhair dom cipín!

Seachadann fear maide dó, cuireann sé sop féir timpeall air; tosaíonn sé á chasadh, agus Síle á ligean leis.

TOMÁS (*Ag gabháil*)

Tá péarla mná 'tabhairt solais dúinn,
Is í mo ghrá, is í mo rún,
'S í Úna Bhán an ríbhean chiúin,
'S ní thuigid na Muimhnigh leath a stuaim'.

Atá na Muimhnigh seo dallta ag Dia,
Ní aithnid eala thar lacha liath,
Ach tiocfaidh sí liomsa, mo Helen bhreá,
Mar a molfar a pearsa 's a scéimh go brách.

Arú! mhuisse! mhuisse! mhuisse! Nach é seo an baile breá lách, nach é seo an baile thar barr, a baile a gcrochtar a oiread sin rógairí ann nach mbíonn aon easpa rópa ar na daoine, leis a méid rópa a ghoideann siad ón gcrochaire. Cráiteacháin atá iontu. Tá na rópaí acu agus thugann siad uathu iad – ach go gcuireann siad an Connachtach bocht ag casadh súpáin dóibh. Níor chas siad súpán féir sa mbaile seo riamh – agus an méid súpán cnáibe atá acu de bharr a

chrochaire!

Níonn Connachtach ciallmhar
Rópa dó féin,
Ach goideann an Muimhneach
Ón gcrochaire é!

Go bhfeice mé rópa
Breá cnáibe go fóill
Dá fháscadh ar scóigibh
Gach aoinne anseo!

Mar gheall ar aon mhnaoi amháin d'imigh na Gréagaigh, agus níor stopadar agus ní mhórchónaíodar nó gur scriosadar an Traoi, agus mar gheall ar aon mhnaoi amháin beidh a baile seo damanta go deo na ndeor agus go broinne an bhrátha, le Dia na ngrást, go síon suthain, nuair nár thuigeadar gurb í Úna Ní Riagáin an dara Helen a rugadh ina measc, agus go rug sí barr áille ar Helen agus ar Véineas, ar a dtáinig roimpi agus ar a dtiocfaidh ina diaidh.

Ach tiocfaidh sí liom, mo phéarla mná,
Go Cúige Chonnacht na ndaoine breá',
Gheobhaidh sí féasta, fíon a's feoil,
Rinceanna arda, spórt a's ceol.

Ó! mhuisse! mhuisse! Nár éirí an ghrian ar an mbaile seo, agus nár lasa réaltaí air, agus nár –
Tá sé amuigh thar an doras faoi seo. Éiríonn na fir uile go léir agus dúnaid an doras d'ao ruai g amháin air. Tugann Úna léim chun an dorais, ach beirid na mná uirthi.

ÚNA Ó! Ó! Ó! Ná cuirigí amach é. Ligtear ar ais é. Sin é Tomás Ó hAnnracháin, is file é, is bard é, fear iontach é. Ó, ligigí ar ais é, ná déanaigí sin air!

SÉAMAS (*Téann sé anonn chuig Úna*)

A Úna Bhán, agus a chuisle dhílis, lig dó. Tá sé imithe anois, é féin agus a chuid piseog. Beid sé imithe as do cheann amárach, agus beidh tusa imithe as a cheannsa. Ná fuil a fhios agat go maith go mb'fhearr liom thú ná céad míle Deirdre, agus gur tusa m'aon phéarla mná amháin a bhfuil sa domhan?

TOMÁS (*Amuigh, ag bualadh ar an doras*)

Foscail! foscail! foscail! Ligigí isteach mé. Ó, mo sheacht gcéad míle mallacht oraibh.
Mallacht na lag oraibh 's na láidre,
Mallacht na sagart agus na mbráithre,
Mallacht na nAspal agus an Phápa,
Mallacht na mbaintreach 's na ngarlach.
Foscail! foscail! foscail!
Buailéann sé an doras arís agus arís eile.

SÉAMAS Táim buíoch díbh, a chomharsana, agus beidh Úna buíoch díbh amárach. Buail leat, a sraith Déan do rince leat féin amuigh ansin, anois! Ní ligfear isteach anseo thú! Óra, a chomharsana nach breá é duine a bheith ag éisteach leis an stoirm taobh amuigh, agus é féin go socair sáscois na tine. Buail leat! Gread leat! Cá bhfuil Connachta anois?

Bairbre Rua
Pádraic Ó Conaire

- [download Bad Pharma: How Drug Companies Mislead Doctors and Harm Patients pdf](#)
- [read online Hitler's Scientists: Science, War, and the Devil's Pact book](#)
- [The Jade Emperor's Mind Seal Classic: The Taoist Guide to Health, Longevity, and Immortality \(2nd Edition\) book](#)
- [click Erementar Gerade, Volume 17 online](#)
- [read Ã%crits sur l'art : L'Art moderne ; Certains ; Trois Primitifs pdf, azw \(kindle\)](#)
- [read The Verbal Behavior Approach: How to Teach Children With Autism and Related Disorders for free](#)

- <http://fitnessfatale.com/freebooks/Chinese-Cooking.pdf>
- <http://serazard.com/lib/Fast-Forward--Confessions-of-a-Porn-Screenwriter--The-Future-Tense-Series-.pdf>
- <http://tuscalaural.com/library/Checked-Shuo-Yuan--Chinese-classical-literature-series---ae-----ae--ae------.pdf>
- <http://omarnajmi.com/library/Erementar-Gerade--Volume-17.pdf>
- <http://thewun.org/?library/Object-Oriented-Software-Construction--2nd-Edition-.pdf>
- <http://redbuffalodesign.com/ebooks/Design-and-Equipment-for-Restaurants-and-Foodservice--A-Management-View.pdf>